An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

# Clár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach: Ullmhúchán don Saol tar éis na Scoile

## Modúl Roghnach

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2026.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

# An Clár Ábhar

Réamhrá 2

Réasúnaíocht 2

Leanúnachas agus dul chun cinn 3

Teagasc agus foghlaim 4

Modúl: Ullmhúchán don Saol tar éis na Scoile 5

# Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach (CFL2SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL2SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Is modúl roghnach é Ullmhúchán don Saol tar éis na Scoile.

Ceapadh Ullmhúchán don Saol tar éis na Scoile le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga ar feadh dhá bhliain.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
| --- | --- |
| Ullmhúchán don Saol tar éis na Scoile | 60 |

# Réasúnaíocht

Is modúl roghnach é Ullmhúchán don Saol tar éis na Scoile arna gceapadh chun cuidiú le scoláirí iad féin a ullmhú don aistriú ón scoil isteach sa saol tar éis na scoile. Trí ghníomhaíochtaí praiticiúla, is é is aidhm leis an modúl seo tacú le forbairt eolas, scileanna, luachanna agus mheonta na scoláirí, agus an mhuinín á cothú iontu atá riachtanach chun páirt fhiúntach a ghlacadh i saol na ndaoine fásta agus an phobail. Áirítear leis sin ullmhú don bhreisoideachas, d'oiliúint, d'fhostaíocht, d'obair dheonach agus do shaol níos neamhspleáiche.

Tacaíonn an modúl roghnach seo le scoláirí roghanna eolacha a dhéanamh faoina dtodhchaí trína chur ar a gcumas a gcuid láidreachtaí, spéiseanna agus réimsí fáis féin a shainaithint agus iad sin a nascadh le conairí féideartha amhail obair, staidéar breise nó rannpháirtíocht sa phobal. Féadfar an fhoghlaim a cheangal le comhthéacsanna san fhíorshaol nuair is féidir, trí thaithí oibre bunaithe i ngnólacht nó scoilbhunaithe, gníomhaíochtaí fiontair, rannpháirteachas le seirbhísí aistrithe agus trí naisc le fostóirí áitiúla nó tionscadail phobail. Ar an dóigh sin, gheobhaidh scoláirí taithí thábhachtach a chuideoidh leo aistriú dearfach a dhéanamh isteach sa saol tar éis na scoile ar bhealaí atá fiúntach agus tarraingteach.

Trí scoláirí a ullmhú don saol tar éis na scoile, cuirtear le forbairt phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí agus a mhalairt. Nuair a tharlaíonn sin, tacaítear leis an bhfoghlaim uile trasna na sraithe sinsearaí agus déantar forbairt scileanna saoil tábhachtacha, atá bunriachtanach do neamhspleáchas na scoláirí, a chur chun cinn. Téann an méid sin chun tairbhe do na scoláirí ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann siad dul chun cinn i gconairí foghlama agus a aistríonn siad chuig an saol tar éis na scoile.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Leis an modúl seo, cuirtear chun cinn foghlaim agus eispéiris na scoláirí sa tsraith shóisearach agus tógtar orthu.

Tríd an modúl Ullmhúchán don Saol tar éis na Scoile, tacaítear le príomhscileanna na scoláirí a chur chun cinn ón tsraith shóisearach, scileanna maidir le Féinbhainistiú, le bheith ag Fanacht folláin, le Cumarsáid a dhéanamh, le bheith Cruthaitheach, le bheith ag Obair le daoine eile agus le hEolas agus smaointeoireacht a bhainistiú. Tríd an modúl seo, cuirtear chun cinn freisin forbairt agus foghlaim i réimsí amhail litearthacht, uimhearthacht, teanga, agus comhordú luaile.

Tugtar deiseanna do na scoláirí a léiriú conas is féidir foghlaim a fhaightear anseo a nascadh leis an bhfoghlaim roimhe seo, le modúil eile sa tsraith shinsearach, le réimsí curaclaim, le gníomhaíochtaí na scoile i gcoitinne agus leis an saol lasmuigh den scoil. Is féidir leis na scoláirí cur lena gcuid foghlama ón Aonad Foghlama Tosaíochta Ullmhú don Obair/Scileanna Saoil,[1] ón Aonad Foghlama Tosaíochta Maireachtáil sa Phobal agus óna dtaithí sa tsraith shóisearach agus a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm ar fud mhodúil na sraithe sinsearaí amhail Aire a Thabhairt do mo Thimpeallacht, Réimse Sainspéise, Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Drámaíocht, an tAm atá Thart i m'Áit agus Cócaireacht.

Tá an modúl sin ina chuidiú chun foghlaim a neartú agus inniúlacht na scoláirí a chur chun cinn chun cumarsáid a dhéanamh, idirghníomhú, bheith cruthaitheach, iad féin a chur in iúl, a gcuid braistintí, mothúchán agus smaointe a fhiosrú chomh maith le peirspictíochtaí daoine eile a fhiosrú ar bhealaí éagsúla. Tá an méid sin ina chuidiú chun eispéireas foghlama leanúnach a sholáthar do na scoláirí ar feadh na sraithe sinsearaí. Tríd sin tacaítear leis na scoláirí lasmuigh den scoil agus soláthraítear braistint gaisce agus muiníne dóibh de réir mar a aistríonn siad chuig saol na hoibre, an staidéir nó seirbhísí breise.

[1] Áireofar Scileanna Saoil, in ionad Ullmhú don Obair, sa Ráiteas Cláir do Chláir Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sóisearaí athbhreithnithe nuair a fhoilseofar é.

# Teagasc agus foghlaim

Tacaíonn an modúl Ullmhúchán don Saol tar éis na Scoile le foghlaim na scoláirí tríd an bhfoghlaim scoilbhunaithe agus foghlaim phraiticiúil obairbhunaithe a nascadh le comhthéacsanna san fhíorshaol. D'fhéadfadh sé go mbeadh gníomhaíochtaí bunaithe ar an bhfoghlaim de réir a chéile agus rialta d'fhonn freastal ar láidreachtaí, spéiseanna agus réimsí riachtanais na scoláirí. Cé go bhfuil roinnt samplaí liostaithe, tá an tsolúbthacht ag scoileanna chun a gcuid gníomhaíochtaí féin a sholáthar ag brath ar a gcomhthéacsanna uathúla féin. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar ghníomhaíochtaí, ach gan bheith teoranta dóibh:

- Próifíl ar leith a thiomsú de láidreachtaí agus spéiseanna an scoláire a léiríonn tascanna ar féidir leis an scoláire tabhairt fúthu ar bhealach fóinteach
- Cluichí meaitseála a imirt idir caithimh aimsire/ spéiseanna agus poist fhéideartha, réimsí staidéir agus gníomhaíochtaí fóillíochta
- Cuireadh a thabhairt d'iarscoláirí nó d'aoichainteoirí labhairt faoina gcuid oibre, faoi na conairí a ndeachaigh siad agus/nó faoin rannpháirteachas sa phobal
- Cuairteanna a eagrú go hinstitiúidí breisoideachais áitiúla, ionaid oibre, eagraíochtaí pobail agus/nó eagraíochtaí eile
- Cásanna a rólimirt amhail agallaimh, iarraidh ar chúnamh, féinabhcóideacht, seirbhís do chustaiméirí, tuairisc a dhéanamh ar fhadhb
- Quizeanna 'Ceart agus Mícheart' a imirt chun iompar próshóisialta a shainaithint sa phobal, m.sh., a bheith in am, gan bruscar a chaitheamh
- Cleachtadh a dhéanamh ar chomharthaí sábháilteachta agus guaise coitianta a léamh
- Páirt a ghlacadh i dtionscadal mionfhiontair
- Páirt a ghlacadh in eispéiris oibre scoilbhunaithe nó phobalbhunaithe
- Úsáid a bhaint as físeáin/grianghraif/scéalta faoi phoist dhifriúla chun plé a spreagadh agus chun post a léiriú i bhfeidhm
- Taispeáint a chruthú de phoist/róil áitiúla (íoctha agus neamhíoctha) agus d'ionaid oibre
- CV a chruthú nó teimpléad d'fhoirm iarratais a líonadh isteach agus a choinneáil cothrom le dáta
- Cleachtadh a dhéanamh ar bheannú, croitheadh láimhe agus cur in aithne
- Gníomhaíochtaí "éadaí an ratha" a dhéanamh agus éadaí oibre cuí a shainaithint, éadaí sábháilteachta san áireamh
- Cleachtadh a dhéanamh ar obair foirne trí thionscadail ghrúpa (m.sh., imeacht ranga a eagrú).
- Iompraíochtaí pobail agus bainteach le hobair, a mbeifeá ag súil leo, a eiseamláiriú nó a rólimirt
- TF a úsáid chun tacú le cláir ama, sceidil, léarscáileanna agus pleanálaithe
- Sprioc, atá gearrthéarmach agus bainteach le hobair, a shocrú agus í a athbhreithniú go rialta le tacaíocht.

Is féidir tacú leis na scoláirí a oiread agus is gá. I gcás inar cuí, féadfar teicneolaíocht dhigiteach agus oiriúnaitheach a úsáid chun tacú le foghlaim agus rannpháirtíocht. A bhuí le háiseanna amhairc, uirlisí oiriúnaitheacha agus gléasanna cumarsáide, gléasanna leictreonacha, leideanna amhairc agus réad, feabhsaítear foghlaim agus inniúlacht na scoláirí chun dul i mbun gach gníomhaíochta foghlama agus taitneamh a bhaint astu.

# Modúl: Ullmhúchán don Saol tar éis na Scoile

## Tuairisceoir modúil

Is é is aidhm don mhodúl seo neamhspleáchas agus muinín na scoláirí a fhorbairt chun iad a ullmhú don aistriú chuig an saol tar éis na scoile. Spreagtar na scoláirí lena gcuid láidreachtaí agus spéiseanna a aithint de réir mar a fhiosraíonn siad conairí difriúla chun cinn agus aistrithe isteach sa bhreisoideachas, san oiliúint, san fhostaíocht, san obair dheonach agus i saol an phobail. Trí eispéiris foghlama amhail ullmhú d'agallaimh, cleachtais oibre shábháilte a léiriú agus dul i ngleic le poist agus ionaid oibre éagsúla, forbraíonn scoláirí feasacht ar shaol na hoibre, ar bhéasaíocht oibre agus ar mhaireachtáil sa phobal. Tá saoirse ag scoileanna eispéiris foghlama a sholáthar atá cuí do riachtanais agus do chúinsí sonracha a gcuid scoláirí. Is féidir torthaí foghlama a bhaint amach trí thaithí oibre lasmuigh nó scoilbhunaithe, nuair is iomchuí.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| A gcuid láidreachtaí pearsanta, a dtréithe agus a mbuanna féin agus conas is féidir iad a chur i bhfeidhm lasmuigh den seomra ranga. | **a.** spéiseanna pearsanta, scileanna agus gnóthachtálacha shainaithint<br>**b.** cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir spéiseanna agus scileanna pearsanta a nascadh le roghanna sa todhchaí<br>**c.** próifíl phearsanta a thiomsú ina dtarraingítear aird ar spéiseanna, scileanna agus gnóthachtálacha<br>**d.** réimsí forbartha pearsanta a shainaithint agus spriocanna fadtéarmacha/ gearrthéarmacha a shocrú<br>**e.** spéiseanna pearsanta agus láidreachtaí a nascadh le réimsí féideartha foghlama breise nó oibre<br>**f.** conairí éagsúla iarscoile a shainaithint agus a nascadh le réimsí féideartha foghlama nó oibre breise<br>**g.** rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi chonairí difriúla amhail trí dhaoine aonair, suíomhanna gréasáin, gníomhaireachtaí, seirbhísí treorach<br>**h.** láidreachtaí, spéiseanna agus gnóthachtálacha a cheangal le conairí féideartha<br>**i.** ionad/ionaid oibre áitiúil/áitiúla, eagraíochtaí oibre deonaí/pobail a shainaithint, chomh maith leis na cineálacha ról atá ar fáil iontu<br>**j.** ró(i)l agus freagrachtaí bunúsacha na bhfostaithe a shainaithint laistigh d'ionaid oibre éagsúla<br>**k.** cearta bunúsacha na bhfostaithe a aithint laistigh d'ionaid oibre<br>**l.** ró(i)l agus freagrachtaí bunúsacha an bhainisteora a shainaithint laistigh den ionad oibre<br>**m.** cur síos a dhéanamh ar chearta bunúsacha an bhainisteora laistigh d'ionaid oibre éagsúla |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| Maireachtáil agus oibriú sa phobal. | **n.** CV nó foirm iarratais a ullmhú ar a bhfuil scileanna, inniúlachtaí, taithí agus tréithe pearsanta le fáil<br>**o.** páirt a ghlacadh in agallamh<br>**p.** sceideal oibre seachtainiúil a chruthú chun cothromaíocht a aimsiú idir freagrachtaí agus caithimh aimsire<br>**q.** tabhairt faoi aistear áitiúil agus iompar poiblí nó pobail á úsáid go sábháilte<br>**r.** taisteal sábháilte a léiriú amhail trasrianta coisithe a bhainistiú, lánaí rothar a úsáid<br>**s.** rialacha pobail maidir le sláinte agus sábháilteacht a aithint amhail comharthaí guaise agus bealaí éalaithe<br>**t.** straitéisí a shainaithint chun timpeallacht bhaile nó oibre a choinneáil sábháilte, amhail cleachtas sábháilteachta i gcoinne dóiteán, teagmhálaithe éigeandála<br>**u.** éadaí cuí a shainaithint, éadaí oibre sábháilteachta san áireamh<br>**v.** riachtanais agus roghanna pearsanta a chur in iúl i gcásanna difriúla amhail cruinnithe, coinní<br>**w.** tuiscint a léiriú ar do chearta agus freagrachtaí pearsanta mar aosach óg, amhail vótáil<br>**x.** féinabhcóideacht a thaispeáint, amhail iarraidh ar chúnamh, easaontú le meas, ábhair imní a chur in iúl. |

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Foilsithe mí Lúnasa 2026.